# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

27 Eanáir 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/70 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le smacht socraíochta, i dtaca lena theacht i bhfeidhm** [1] ..... 1

★ **Rialachán (AE) 2021/71 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2021 lena mbunaítear iamh iascach alfainsíní in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu** ..... 3

★ **Rialachán (AE) 2021/72 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena mbunaítear iamh iascach roc dústríoctha in uiscí an Aontais 7d agus 7e i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu** ..... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/73 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)** ..... 9

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/74 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 maidir le bearta chun tabhairt isteach agus leathadh an Víris rocaigh dhonn torthaí trátaí (ToBRFV) san Aontas a chosc** ..... 15


CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2021/75 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit agus don Pholainn i ndáil le tubaiste nádúrtha agus chun foráil a dhéanamh maidir le hairleacain a íoc leis an gCróit, le hÉirinn, leis an nGearmáin, leis an nGréig, leis an bPortaingéil, leis an Spáinn agus leis an Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí** ..... 18


[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.


GA

* Faoin tagairt L 27 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ([1]) ....... 20

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/70 ÓN gCOIMISIÚN

**an 23 Deireadh Fómhair 2020**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le smacht socraíochta, i dtaca lena theacht i bhfeidhm**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(15) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ([2]) ón gCoimisiún sonraítear bearta chun teipeanna socraíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, agus chun smacht socraíochta a spreagadh. Áirítear ar na bearta sin faireachán a dhéanamh ar theipeanna socraíochta chomh maith le pionóis airgid as teipeanna socraíochta a bhailiú agus a dháileadh. Ina theannta sin, sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 mionsonraí oibríochtúla an phróisis ceannach isteach.

(2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 le teacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2021.

(3) Tá sé tugtha le fios ag rannpháirtithe an mhargaidh go raibh tionchar tromchúiseach ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme foriomlán tionscadal rialála agus ar sholáthar córas teicneolaíochta faisnéise (TF) a bhfuil gá leo chun Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a chur i bhfeidhm. Le linn an ama sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, tá institiúidí airgeadais ag díriú a gcuid iarrachtaí ar chur chun feidhme pleananna teagmhasacha éifeachtacha chun a áirithiú go mbeidh cibear-athléimneacht oibríochtúil ann ó lá go lá, rud a chuir teorainn le cumas TF na n-institiúidí tabhairt faoi thionscadail chasta áirithe, lena n-áiríodh cinn a bhfuil gá leo chun na ceanglais maidir le smacht socraíochta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a chomhlíonadh. Dá gcuirfeadh taisclanna lárnacha urrús, a rannpháirtithe agus a gcliaint na ceanglais sin i bhfeidhm i gcomhthéacs den sórt sin, d'fhéadfadh sé an riosca sa mhargadh airgeadais a ghéarú seachas é a mhaolú. Is iomchuí, dá bhrí sin, breis ama a thabhairt do na geallsealbhóirí sin chun na hullmhúcháin is gá chun na ceanglais maidir le smacht socraíochta a chur i bhfeidhm a thabhairt chun críche. I bhfianaise gur cineál cáis é seo nach bhfacthas riamh roimhe, is é sin an cás atá cruthaithe ag paindéim COVID-19 agus i bhfianaise na n-athruithe córais is gá ar na taisclanna lárnacha urrús, ar a rannpháirtithe agus ar a gcliaint chun na ceanglais éagsúla maidir le smacht socraíochta a chomhlíonadh, is gá teacht i bhfeidhm reatha Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a chur siar ar feadh bliana eile. .

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a leasú dá réir sin.

---

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála maidir le smacht socraíochta (IO L 230, 13.9.2018, lch. 1).

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(6) Ní dhearna ESMA aon chomhairliúchán poiblí oscailte, ós rud é go measfaí é a bheith an-díréireach i bhfianaise raon feidhme agus an tionchar a mheastar a bheidh ag cur siar theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229. Chuir ESMA san áireamh an t-ionchur a soláthraíodh roimhe sin ó na rannpháirtithe sa mhargadh maidir le hullmhacht le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Ina theannta sin, sna cúinsí sin gan choinne, tá sé práinneach deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le dáta nua theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 chun go mbeidh rannpháirtithe sa mhargadh in ann ullmhú do chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Mar sin féin, rinne ESMA anailís ar na costais ghaolmhara agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 a chur siar agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt aige, chomhoibrigh ESMA le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229:

"*Airteagal 42*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Feabhra 2022."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**RIALACHÁN (AE) 2021/71 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Eanáir 2021**

**lena mbunaítear iamh iascach alfainsíní in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh ([1]) a áirithiú, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2020.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta le haghaidh 2020 ídithe ag gabhálacha an stoic alfainsíní in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar an bhFrainc le haghaidh an stoic alfainsíní in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 le haghaidh 2020 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

1. Cuirfear toirmeasc ar an stoc sin a iascach dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn. Beidh toirmeasc go háirithe ar éisc a lorg, ar threalamh iascaireachta a chur ar uisce, úsáid a bhaint as nó a tharraingt chun an stoc sin a iascach.

2. Maidir le héisc nó táirgí iascaigh, ón stoc a ghabh na soithí sin, a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i gcaighean, a ramhrú agus a thabhairt i dtír, leanfaidh sin de bheith údaraithe le haghaidh gabhálacha a tógadh roimh an dáta sin.

3. Maidir le gabhálacha neamhbheartaithe speiceas ón stoc sin a ghabhann na soithí sin, tabharfar ar bord na soithí iascaireachta agus coinneofar iad ar bord, déanfar iad a thaifeadadh, a thabhairt i dtír agus a chomhaireamh i gcoinne cuótaí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear le haghaidh 2019 agus 2020 na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige do shoithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Virginijus SINKEVIČIUS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 31/TQ2025 |
| Ballstát | An Fhrainc |
| Stoc | ALF/3X14- |
| Speiceas | Alfainsíní (*Beryx* spp.) |
| Crios | Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 |
| Dáta deiridh | 27.10.2020 |

# RIALACHÁN (AE) 2021/72 ÓN gCOIMISIÚN

## an 22 Eanáir 2021

## lena mbunaítear iamh iascach roc dústríoctha in uiscí an Aontais 7d agus 7e i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh ([1]) a áirithiú, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/123 ([2]) ón gComhairle cuótaí don bhliain 2020.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta le haghaidh 2020 gabhálacha an stoic roc dústríoctha in uiscí an Aontais 7d agus 7e ídithe ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar an bhFrainc le haghaidh an stoic roc dústríoctha in uiscí an Aontais 7d agus 7e le haghaidh 2020 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

1. Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar an stoc sin a iascach dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc. Beidh toirmeasc go háirithe ar éisc a lorg, ar threalamh iascaireachta a chur ar uisce, úsáid a bhaint as nó a tharraingt chun an stoc sin a iascach.

2. Maidir le héisc nó táirgí iascaigh, ón stoc a ghabh na soithí sin, a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i gcaighean, a ramhrú agus a thabhairt i dtír, leanfaidh sin de bheith údaraithe le haghaidh gabhálacha a tógadh roimh an dáta sin.

3. Maidir le gabhálacha neamhbheartaithe speiceas ón stoc sin a ghabhann na soithí sin, tabharfar ar bord na soithí iascaireachta agus coinneofar iad ar bord, déanfar iad a thaifeadadh, a thabhairt i dtír agus a chomhaireamh i gcoinne cuótaí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.01.2020, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Virginijus SINKEVIČIUS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 32/TQ123 |
| Ballstát | An Fhrainc |
| Stoc | RJU/7DE. |
| Speiceas | Roc dústríoctha (*Raja undulata*) |
| Crios | Uiscí an Aontais in 7d agus 7e |
| Dáta deiridh | 16.12.2020 |

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/73 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Eanáir 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3), Airteagal 12, agus Airteagal 75(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Le Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus cuireadh síneadh leis an tréimhse a mhaireann na cláir forbartha tuaithe a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ("CETFT") go dtí an 31 Nollaig 2022, agus tugadh deis do na Ballstáit a gcláir shínte a mhaoiniú ón leithdháileadh comhfhreagrach buiséid le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2020/2220 rinneadh na hacmhainní breise ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ([4]) ("EURI") a chur ar fáil sna cláir shínte sna blianta 2021 agus 2022 chun bearta a mhaoiniú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus é mar chuspóir dóibh aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus na hiarmhairtí atá aici sin ar earnáil talmhaíochta agus limistéir thuaithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha faoi seach maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú.

(2) Leagtar síos le hAirteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 an líon uasta leasuithe ar chláir forbartha tuaithe a fhéadfaidh na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun cur leis an tsolúbthacht atá ag na Ballstáit a leithdháileadh buiséid le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 a úsáid sna cláir shínte agus chun na hacmhainní breise ó EURI a chomhtháthú, ba cheart an líon uasta leasuithe dá dtagraítear san Airteagal sin a mhéadú agus na sprioc-amanna le haghaidh chur isteach na n-iarrataí ar leasuithe cláir deiridh a chur siar. Thairis sin, is gá a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ag an líon uasta leasuithe maidir le hiarrataí ar chláir forbartha tuaithe a leasú i gcás ina bhfuil gá le leasuithe tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/2220 chun síneadh a chur le fad na gclár forbartha tuaithe agus chun na hacmhainní breise ó EURI a chomhtháthú.

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).

([3]) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2020/2220 go ndéanfar spriocanna arna mbunú i gcomhthéacs an chreata feidhmíochta a shocrú don bhliain 2025, i gcás na gclár forbartha tuaithe arna síneadh. Dá bhrí sin, is gá a shonrú go dtagraíonn spriocanna táscairí an chreata feidhmíochta don mhéid atá sé beartaithe a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2025. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2020/2220 eisiatar an creat feidhmíochta a chur i bhfeidhm maidir leis na hacmhainní breise ó EURI. Dá bhrí sin, ba cheart na haschuir a mhaoinítear leis na hacmhainní breise ó EURI a eisiamh ó spriocanna an chreata feidhmíochta.

(4) Foráiltear le Rialachán (AE) 2020/2220 go ndéanfar na hacmhainní breise ó EURI a chlárú agus go ndéanfar faireachán orthu ar leithligh ó thacaíocht an Aontais d'fhorbairt tuaithe, agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 á gcur i bhfeidhm i bprionsabal an tráth céanna. Dá bhrí sin, beidh gá le sonraíochtaí ar leithligh sna tuairiscí ar bhearta ábhartha sna cláir forbartha tuaithe agus sna cláir creata náisiúnta i gcás ina dtacaítear le hoibríochtaí leis na hacmhainní breise ó EURI. Ba cheart na hacmhainní breise ó EURI a léiriú ar leithligh i bpleananna maoinithe na gclár forbartha tuaithe, na gcreataí náisiúnta agus na ngréasán náisiúnta tuaithe.

(5) Thairis sin, sa phlean táscaire le haghaidh na mbeart roghnaithe, ba cheart fo-iomlán na n-aschur beartaithe agus an caiteachas poiblí iomlán beartaithe a mhaoinítear leis na hacmhainní breise ó EURI a léiriú ar leithligh. Sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, ba cheart an chuid de na gealltanais a mhaoinítear leis na hacmhainní breise ó EURI a léiriú sa tuairisciú ar chaiteachas geallta de réir birt agus de réir fócais.

(6) Ceanglaítear le hAirteagal 8(h)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, le haghaidh gach birt, gach cineáil oibríochta ag a bhfuil ráta sonrach ranníocaíochta ó CETFT, le haghaidh an chineáil oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 37(1), Airteagal 38(3), Airteagal 39(1) agus Airteagal 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i gcás ina gcuireann Ballstát tairseach chaillteanais íosta atá faoi bhun 30 % i bhfeidhm; agus le haghaidh cúnamh teicniúil, go mbeidh tábla sa phlean maoinithe ina léireofar ranníocaíocht bheartaithe iomlán an Aontais agus an ráta ranníocaíochta is infheidhme ó CETFT. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na rialacha céanna maidir leis an ranníocaíocht ó na hacmhainní breise ó EURI, ba cheart an ranníocaíocht bheartaithe ó EURI agus an ráta ranníocaíochta ó EURI a léiriú sa phlean maoinithe, más infheidhme, i gcás gach birt den sórt sin le haghaidh gach cineáil oibríochta.

(7) Le Rialachán (AE) 2020/2220 leasaíodh Airteagail 38 agus 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir leis an tairseach chaillteanais íosta is féidir leis na Ballstáit a shainiú ina gcláir forbartha tuaithe ar féidir feirmeoirí a chúiteamh ar a mbonn as caillteanais faoi na cistí frithpháirteacha le haghaidh teagmhais dhíobhálacha aeráide, galair ainmhithe agus plandaí, inmhíoluithe le lotnaidí agus teagmhais chomhshaoil agus an uirlis cobhsaithe ioncaim le haghaidh feirmeoirí i ngach earnáil. Dá thoradh sin agus chun críocha thuairisciú EDT, an caiteachas le haghaidh na n-uirlisí bainistithe riosca go léir a rialaítear le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, agus i gcás ina bhfuil an tairseach chaillteanais íosta faoi bhun 30 %, is gá an caiteachas sin a phleanáil agus a thuairisciú ar leithligh. Is gá na ceanglais nua seo maidir le clárú agus pleanáil a shonrú go hiomchuí sa phlean táscaire.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) Uimh. 808/2014 a leasú dá réir sin.

(9) I bhfianaise na práinne a bhaineann le géarchéim COVID-19, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Forbartha Tuaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar pointe (e);

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Ní fhéadfar leasuithe cláir den chineál dá dtagraítear in Airteagal 11(a)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mholadh níos mó ná ceithre huaire le linn na clárthréimhse.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"I gcás gach cineáil eile leasuithe le chéile:

(a) féadfar aon mholadh amháin le haghaidh leasú a chur isteach in aghaidh na bliana féilire agus in aghaidh an chláir, ach amháin an bhliain 2025 ina bhféadfar níos mó ná moladh amháin le haghaidh leasú a chur isteach maidir le leasuithe a bhaineann go heisiach le hoiriúnú ar an bplean maoinithe, lena n-áirítear aon athruithe a thiocfadh as sin ar an bplean táscaire;

(b) féadfar ceithre mholadh bhreise le haghaidh leasú in aghaidh an chláir a chur isteach le linn na clárthréimhse.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) den tríú fomhír:

"(b) i gcás ina bhfuil gá le leasú tar éis athrú ar chreat dlíthiúil an Aontais, lena n-áirítear athrú a bhaineann le síneadh a chur le fad na gclár forbartha tuaithe nó athrú a bhaineann le hinfhaighteacht na n-acmhainní breise le haghaidh théarnamh earnáil talmhaíochta agus limistéir thuaithe an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)

---

(*) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"3. Déanfaidh na Ballstáit an t-iarratas deireanach ar leasú cláir den chineál dá dtagraítear in Airteagal 11(a)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Déanfar cineálacha eile leasuithe cláir a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2025.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 808/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(a) i bpointe 7(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) spriocanna le haghaidh 2025. Ní chuirfear san áireamh sna spriocanna maoiniú breise náisiúnta dá dtagraítear i bpointe 12, agus státchabhair i bhfoirm cistiú breise dá dtagraítear i bpointe 13, agus na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.";

(b) i bpointe 8(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) raon feidhme, leibhéal tacaíochta, tairbhithe incháilithe agus, i gcás inarb ábhartha, modheolaíocht le haghaidh ríomh an mhéid nó ríomh an ráta tacaíochta arna miondealú de réir fobhirt agus/nó de réir an chineáil oibríochta i gcás inar gá. I gcás gach cineáil oibríochta, sonraíocht na gcostas incháilithe, na gcoinníollacha incháilitheachta, na méideanna is infheidhme agus na rátaí tacaíochta agus na bprionsabal maidir le critéir roghnúcháin a leagan síos. I gcás ina dtugtar tacaíocht d'ionstraim airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tuairisc ar an gcineál ionstraime airgeadais, catagóirí ginearálta na bhfaighteoirí deiridh, catagóirí ginearálta costas incháilithe agus an leibhéal uasta tacaíochta. Tabharfar tuairisc ar leith le haghaidh bearta nó codanna de bhearta a mhaoinítear leis na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.";

(c) leasaítear pointe 10 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Plean maoinithe, ina bhfuil táblaí struchtúrtha ar leith le haghaidh phointí (a) go (d), agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) á léiriú ar leithligh iontu le haghaidh Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh:";

(ii) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

"(v) i gcás na n-oibríochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 38 agus 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i gcás ina gcinnfidh an Ballstát an tairseach chaillteanais íosta a shocrú idir 20 agus 30 %, agus le haghaidh oibríochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 37(1) agus le hAirteagal 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, an ranníocaíocht is infheidhme ó CETFT agus an ráta táscach ranníocaíochta.";

(iii) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

"(e) I gcás na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013:

(i) an ranníocaíocht bhliantúil;

(ii) an ráta ranníocaíochta is infheidhme maidir leis na bearta tacaithe;

(iii) an miondealú de réir an bhirt agus an tsainréimse;

(iv) ranníocaíocht le haghaidh cúnamh teicniúil;

(v) más rud é, i gcás ina gcuirtear beart nó cineál oibríochta chun feidhme le ranníocaíocht ó ionstraimí airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 38(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tabharfar le fios ar leithligh sa tábla na rátaí ranníocaíochta le haghaidh ionstraimí airgeadais agus tacaíocht tháscach ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn don ranníocaíocht atá beartaithe leis an ionstraim airgeadais;

(vi) i gcás na n-oibríochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 38 agus 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i gcás ina gcinnfidh an Ballstát tairseach chaillteanais íosta a shocrú idir 20 agus 30 %, agus i gcás oibríochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 37(1) agus le hAirteagal 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, an ranníocaíocht ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus an ráta táscach ranníocaíochta.";

(d) leasaítear pointe 11 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) de réir sainréimse, na spriocanna cainníochtaithe mar aon le haschuir bheartaithe agus caiteachas poiblí iomlán beartaithe na mbeart arna roghnú chun aghaidh a thabhairt ar an sainréimse, lena n-áirítear fo-iomláin na n-aschur beartaithe sin agus an caiteachas iomlán beartaithe a mhaoinítear leis na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;";

(ii) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

"(d) an caiteachas poiblí iomlán atá beartaithe a bhaineann le tacaíocht de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i gcás ina bhfuil an tairseach chaillteanais íosta faoi bhun 30 %.";

(2) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Tábla lena ndéantar achoimre, de réir réigiúin agus de réir bliana, ar an ranníocaíocht iomlán ó CETFT leis an mBallstát don chlárthréimhse iomlán, gan na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, agus ar leithligh, rannchuidiú na n-acmhainní breise sin leis an mBallstát le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022";

(b) i bpointe 5(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) Raon feidhme, leibhéal tacaíochta, tairbhithe incháilithe agus, i gcás inarb ábhartha, modheolaíocht le haghaidh ríomh an mhéid nó ríomh an ráta tacaíochta arna miondealú de réir fobhirt agus/nó de réir an chineáil oibríochta i gcás inar gá. I gcás gach cineáil oibríochta, sonraíocht na gcostas incháilithe, na gcoinníollacha incháilitheachta, na méideanna is infheidhme agus na rátaí tacaíochta agus na bprionsabal maidir le critéir roghnúcháin a leagan síos. I gcás ina dtugtar tacaíocht d'ionstraim airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tuairisc ar an gcineál ionstraime airgeadais, catagóirí ginearálta na bhfaighteoirí deiridh, catagóirí ginearálta costas incháilithe agus an leibhéal uasta tacaíochta. Tabharfar tuairisc ar leith le haghaidh bearta nó codanna de bhearta a mhaoinítear leis na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.";

(3) I gCuid 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

"5. Plean maoinithe ina leagfar amach an méid seo a leanas:

'(a) An ranníocaíocht bhliantúil ó CETFT, gan na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

(b) ranníocaíocht iomlán an Aontais agus an ráta ranníocaíochta ó CETFT;

(c) i gcás na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013:

(i) an ranníocaíocht bhliantúil;

(ii) an ranníocaíocht iomlán agus an ráta ranníocaíochta.".

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear pointe (b) de phointe (1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 808/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Faisnéis maidir le cur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe, arna thomhas de réir táscairí coiteanna agus sonracha, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis na spriocanna a leagtar amach do gach sainréimse agus maidir leis an aschur iarbhír i gcomparáid leis an aschur a bhí beartaithe agus leagtha síos sa phlean táscaire. Ag tosú leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme atá le tíolacadh in 2017, an méid a baineadh amach maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chreat feidhmíochta (Tábla F). Déanfar faisnéis bhreise maidir le céim chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe a thabhairt trí bhíthin sonraí ar ghealltanais airgeadais de réir an bhirt agus an tsainréimse, agus an dul chun cinn gaolmhar a shíltear a bheidh ann maidir leis na spriocanna a bhaint amach";

(2) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:

"— Tábla A: Caiteachas geallta de réir birt agus de réir sainréimse, agus an fhaisnéis sin á léiriú ar leithligh le haghaidh na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013".

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/74 ÓN gCOIMISIÚN

## an 26 Eanáir 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 maidir le bearta chun tabhairt isteach agus leathadh an Víris rocaigh dhonn torthaí trátaí (ToBRFV) san Aontas a chosc

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 22(3) agus Airteagal 52 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún ([3]) i bhfeidhm an 15 Lúnasa 2020. Maidir leis an téarma "stóráil" i mír 2 d'Airteagal 7 den Rialachán sin, ón dáta sin i leith tá sé á léirmhíniú agus á chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla ag Ballstáit áirithe agus oibreoirí gairmiúla áirithe.

(2) Ar chúiseanna praiticiúla agus ós rud é nach gcomhlíonann síolta *Solanum lycopersicum L.* agus *Capsicum spp*. ("na síolta sonraithe") a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020 an ceanglas maidir lena máithreacha plandaí a tháirgeadh ar láithreán táirgthe inarb eol nach ann don lotnaid shonraithe, ar bhonn iniúchtaí oifigiúla arna ndéanadh ag an am iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath, ba cheart na síolta sin a dhíolmhú ón gcoinníoll faoi Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191.

(3) Ba cheart mír 2 d'Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 a leasú chun a shoiléiriú gur cheart don údarás inniúil, nó oibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, na síolta sonraithe a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020 a shampláil agus a thástáil chun a bhrath an ann don lotnaid shonraithe sular n-aistrítear na síolta sin laistigh den Aontas den chéad uair. Maidir leis maolú sin ó mhír 2 d'Airteagal 7 den Rialachán sin, ba cheart go bhfágfaidh sé sin síolta lena ngabhann pas plandaí cheana féin a bheith i gcúrsaíocht i gcríoch an Aontais gan iad a thástáil a thuilleadh.

(4) Maidir leis na síolta sonraithe a aistrítear laistigh den Aontas den chéad uair ón 1 Aibreán 2021 ar aghaidh agus a ndearnadh tástáil orthu roimh an 30 Meán Fómhair 2020 de réir modh ELISA, ba cheart iad a thástáil arís de réir modh eile nach modh ELISA é dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2020 lena mbunaítear bearta chun tabhairt isteach agus leathadh an Víris rocaigh dhonn torthaí trátaí (ToBRFV) san Aontas a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1615 (IO L 262, 12.8.2020, lch. 6).

(5) Ós rud é gur de thionscnamh tríú tíortha na síolta sonraithe agus gur buanadh iad roimh an 15 Lúnasa 2020, ní chomhlíonann na síolta sin an choinníoll maidir lena máithreacha plandaí a tháirgeadh ar láithreán táirgthe inarb eol nach ann don lotnaid shonraithe, ar bhonn iniúchtaí oifigiúla arna ndéanadh ag an am iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath, ba cheart na síolta sin atá le tabhairt isteach san Aontas a dhíolmhú ón gceanglas faoi phointe (a)(i) d'Airteagal 9(1).

(6) Chuir an earnáil tionscail síolta agus na Ballstáit in iúl don Choimisiún, i dtaca leis an gceanglas maidir le hainm agus láithreán táirgthe cláraithe a áireamh ar an deimhniú fíteashláintíochta i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, gurb é an ceanglas sin is cúis le moill a chur ar onnmhaireoirí agus le deacrachtaí praiticiúla a bheith acu, ós rud é go bhfuil sé deacair acu an láithreán táirgthe nithiúil a shainaithint. Chun sainaithint an láithreán táirgthe chláraithe ag údaráis inniúla agus ag oibreoirí gairmiúla tríú tíortha a éascú, in ionad an cheanglais sin ba cheart ceanglas a chur isteach maidir le faisnéis a chur isteach i ndáil le hinrianaitheacht láithreáin táirgthe na máithreach plandaí.

(7) Maidir leis na síolta sonraithe de thionscnamh tríú tíortha, ba cheart iad a thástáil trí úsáid a bhaint as na modhanna samplála agus tástála dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191. Chun go gcuirfear san áireamh go bhféadfadh sé go ndearnadh tástáil ar roinnt síolta sonraithe míonna sular deimhníodh iad lena n-onnmhairiú, tá sé comhréireach go gceanglaítear ón 1 Aibreán 2021 ar aghaidh go ndéantar tástáil mhóilíneach shainordaitheach, agus an t-am a thabhairt do thríú tíortha oiriúnú don cheanglas sin.

(8) Ionas go seachnófar srianta trádála neamhriachtanacha ar na síolta sonraithe a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020, ba cheart an Rialachán seo a bheith infheidhme laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Maidir le síolta sonraithe a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020, díolmhaítear iad ón gcoinníoll sin faoi phointe (a).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 7:

"2. De mhaolú ar phointe (a) agus ar an gcéad fhomhír de phointe (b) de mhír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó oibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, síolta sonraithe a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020 a shampláil agus a thástáil chun a bhrath an ann don lotnaid shonraithe agus braithfear nach ann dó sna síolta sonraithe sular n-aistrítear iad san Aontas den chéad uair.

Maidir leis na síolta sonraithe a aistrítear laistigh den Aontas den chéad uair ón 1 Aibreán 2021 ar aghaidh agus a ndearnadh tástáil orthu roimh an 30 Meán Fómhair 2020 de réir modh ELISA, déanfar iad a thástáil arís de réir modh eile nach modh ELISA é dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn.";

(2) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, pointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bpointe (ii):

"rinneadh sampláil oifigiúil agus tástáil oifigiúil ar na síolta sonraithe lena mbaineann nó ar a máithreacha plandaí chun a bhrath an ann don lotnaid shonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus de réir na dtástálacha sin braitheadh nach ann don lotnaid shonraithe sin;";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"faisnéis lena n-áirithítear inrianaitheacht láithreán táirgthe na máithreach plandaí.";

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"3. De mhaolú ar phointe (a)(i) de mhír 1, maidir leis na síolta sonraithe a buanadh roimh an 15 Lúnasa 2020, ní luafar sa Dearbhú Breise ach gur comhlíonadh an choinníoll faoi phointe (a)(ii) de mhír 1 agus aireofar an ráiteas seo a leanas ann: "Buanadh na síolta roimh an 15 Lúnasa 2020.";

(d) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

"4. Ar dheimhnithe fíteashláintíochta a eiseofar tar éis an 31 Márta 2021, dearbhófar go ndearnadh tástáil ar na síolta sonraithe de thionscnamh tríú tír de réir ceann de na modhanna tástála, nach modh ELISA é, dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191."

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/75 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Samhain 2020**

**maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit agus don Pholainn i ndáil le tubaiste nádúrtha agus chun foráil a dhéanamh maidir le hairleacain a íoc leis an gCróit, le hÉirinn, leis an nGearmáin, leis an nGréig, leis an bPortaingéil, leis an Spáinn agus leis an Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais ([2]), agus go háirithe pointe 11 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") cur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa, éifeachtúil agus solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a mbuaileann tubaistí nádúrtha móra nó réigiúnacha iad nó mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh a bheith sa Chiste níos mó ná méid uasta bliantúil EUR 500 000 000 (praghsanna 2011), de réir mar a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([3]).

(3) An 10 Meitheamh 2020, chuir an Chróit iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis an chreatha talún i mí an Mhárta 2020 a bhuail cathair Shágraib agus contaetha Shágraib agus Krapina-Zagorje.

(4) An 24 Lúnasa 2020, chuir an Pholainn iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na dtuilte i mí an Mheithimh 2020 i Podkarpackie Voivodeship.

(5) Faoin 24 Meitheamh 2020, chuir an Chróit, Éire, an Ghearmáin, an Ghréig, an Phortaingéil, an Spáinn, agus an Ungáir iarratais isteach chun an Ciste a shlógadh i ndáil leis an mór-éigeandáil sláinte poiblí a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19 go luath in 2020. Ina n-iarratais, d'iarr gach ceann de na seacht mBallstát go n-íocfaí airleacan ar an ranníocaíocht a raibh súil acu léi as an gCiste.

(6) Comhlíonann na hiarratais ón gCróit agus ón bPolainn i ndáil le tubaistí nádúrtha na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a thabhairt ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
([2]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Chróit agus don Pholainn.

(8) Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní buiséadacha leordhóthanacha ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020, ba cheart an Ciste a shlógadh chun airleacain a íoc leis an gCróit, le hÉirinn, leis an nGearmáin, leis an nGréig, leis an bPortaingéil, leis an Spáinn agus leis an Ungáir i ndáil leis an mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(9) Chun an Ciste a shlógadh a thapúla is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar an méid EUR 683 740 523 don Chróit;

(b) soláthrófar an méid EUR 7 071 280 don Pholainn.

*Airteagal 2*

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochta chun airleacain a íoc i ndáil le mór-éigeandáil sláinte poiblí a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar an méid EUR 8 462 280 don Chróit;

(b) soláthrófar an méid EUR 15 499 409 don Ghearmáin;

(c) soláthrófar an méid EUR 4 535 700 don Ghréig;

(d) soláthrófar an méid EUR 26 587 069 don Ungáir;

(e) soláthrófar an méid EUR 23 279 441 d'Éirinn;

(f) soláthrófar an méid EUR 37 528 511 don Phortaingéil;

(g) soláthrófar an méid EUR 16 844 420 don Spáinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Samhain 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2020.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/76 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26 Eanáir 2021**

**maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin, a bhfuil a sonraí tagartha foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi chodanna de na caighdeáin sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ([3]), d'iarr an Coimisiún ar CEN caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú mar thaca le Treoir 2014/33/AE lena áirithiú go leanfaidh siad orthu ag teacht le staid na teicníochta a bhfuil glacadh ginearálta léi chun na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/33/AE a chomhlíonadh, agus i gcás inarb ábhartha ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh ([4]) faoi mar a leagtar amach i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2014/33/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884, caighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe CEN EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014, a bhfuil a dtagairtí foilsithe le teachtaireacht 2016/C 293/05 ón gCoimisiún ([5]), chun iad a chur in oiriúint do chreat dlíthiúil Threoir 2014/33/AE agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht na gcaighdeán sin a mhéadú, lena n-áirítear Iarscríbhinn ZA níos beaichte a dhréachtú agus tagairtí normatacha dátaithe a thabhairt isteach. Mar thoradh air sin, glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 81-20:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta ghinearálta i ndáil le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí, agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-50:2020 maidir le rialacha dearaidh, ríomhanna, scrúduithe agus tástálacha ardaitheoirí agus comhpháirteanna ardaitheoirí. Ní dhearnadh aon athrú le linn an athbhreithnithe ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014.

(4) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún, i gcomhar le CEN, an gcomhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2020 agus EN 81-50:2020 an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí. (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2016 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí. (IO C 293, 12.8.2016, lch. 64).

(5) Comhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2020 agus EN 81-50:2020 na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a bhfuil sé d'aidhm leo iad a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/33/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Cuirtear caighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2020 agus EN 81-50:2020 in ionad chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na monaróirí ullmhú le haghaidh cur i bhfeidhm chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2020 agus EN 81-50:2020, is gá tarraingt siar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014 a chur ar athló.

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart liosta iomlán na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe, a dréachtaíodh mar thaca le Treoir 2014/33/AE agus a chomhlíonann na ceanglais riachtanacha a bhfuil sé d'aidhm leo iad a chumhdach, a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Dá bhrí sin, na tagairtí eile do chaighdeáin chomhchuibhithe a fhoilsítear i dteachtaireacht 2016/C 293/05, is tagairtí iad ba cheart a áireamh sa Chinneadh seo. Ba cheart an Teachtaireacht sin a aisghairm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith aici i ndáil leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-20:2014 agus EN 81-50:2014, ós rud é gur gá tarraingt siar na dtagairtí sin a chur ar athló.

(9) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear tagairt do chaighdeán den chineál sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a dhréachtaítear mar thaca le Treoir 2014/33/AE, tagairtí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Teachtaireacht 2016/C 293/64. Beidh feidhm aige go dtí 27 Iúil 2022 i ndáil leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 1. | EN 81-20:2020<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí – Cuid 20: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí |
| 2. | EN 81-21:2009+A1:2012<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí – Cuid 21: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí i bhfoirgneamh atá ann cheana |
| 3. | EN 81-22:2014<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí – Cuid 22: Ardaitheoirí leictreacha a bhfuil fána leo |
| 4. | EN 81-28:2003<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí – Cuid 28: Cian-aláram ar ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí |
| 5. | EN 81-50:2020<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúduithe agus tástálacha – Cuid 50: Rialacha dearaidh, ríomhanna, scrúduithe agus tástálacha comhpháirteanna ardaitheoirí |
| 6. | EN 81-58:2003<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúdú agus tástálacha – Cuid 58: Tástáil dófhriotaíochta le haghaidh doirse léibhinn |
| 7. | EN 81-70:2003<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí earraí – Cuid 70: Fáil ag daoine ar ardaitheoirí lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas<br><br>EN 81-70:2003/A1:2004 |
| 8. | EN 81-71:2005+A1:2006<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí – Cuid 71: Ardaitheoirí a bhfuil frithsheasmhacht iontu in aghaidh na loitiméireachta |
| 9. | EN 81-72:2015<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí – Cuid 72: Ardaitheoirí lucht comhraic dóiteán |
| 10. | EN 81-73:2016<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí – Cuid 73: An chaoi a n-oibríonn ardaitheoirí i gcás tine |
| 11. | EN 81-77:2013<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí earraí – Cuid 77: Ardaitheoirí atá faoi réir coinníollacha seismeacha |
| 12. | EN 12016:2013<br><br>An chomhoiriúnacht leictreamaighnéadach - caighdeán maidir le tacar táirgí gaolmhara le haghaidh ardaitheoirí, staighrí beo agus cosáin bheo - Díolúine |

| | |
|---|---|
| 13. | EN 12385-3:2004+A1:2008<br><br>Rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht – Cuid 3: Faisnéis maidir le húsáid agus cothabháil |
| 14. | EN 12385-5:2002<br><br>Rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht – Cuid 5: Rópaí dualacha le haghaidh ardaitheoirí<br><br>EN 12385-5:2002/AC:2005 |
| 15. | EN 13015:2001+A1:2008<br><br>Cothabháil le haghaidh ardaitheoirí agus staighrí beo - Rialacha le haghaidh treoracha cothabhála |
| 16. | EN 13411-7:2006+A1:2008<br><br>Críochnuithe le haghaidh rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht – Cuid 7: Soicéad dinge siméadrach |

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 1. | EN 81-20:2014<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí – Cuid 20: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí le haghaidh earraí |
| 2. | EN 81-50:2014<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúduithe agus tástálacha – Cuid 50: Rialacha dearaidh, ríomhanna, scrúduithe agus tástálacha comhpháirteanna ardaitheoirí |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA